



Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí Standards in Public Office Commission

Tacú le Comhlíonadh Eitice: Na Deich Scothchleachtas is Fearr do Chomhlachtaí Poiblí

Réamhrá

Bíonn dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go gcuirtear fostaithe a bhfuil oibleagáidí reachtúla orthu faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic), ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu agus go dtugtar spreagadh dóibh iad a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí freisin na bearta cuí a dhéanamh chun neamhchomhlíonadh ag stiúrthóirí ainmnithe agus ag fostaithe ainmnithe a shainaithint agus aghaidh a thabhairt air.

Agus an dualgas sin á chomhlíonadh acu, táthar ag súil go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí ráitis maidir le leasanna (idir ráitis bhliantúla agus ráitis ad hoc) a fháil agus a bhainistiú, coinbhleachtaí féideartha leasa a shainaithint agus a bhainistiú, déileáil le cásanna féideartha ina bhfuil neamhchomhlíonadh, agus tacú le fostaithe cloí leis na hoibleagáidí atá orthu maidir le himréiteach cánach a nochtadh.

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin an doiciméad seo le chéile chun scothchleachtas a sholáthar do chomhlachtaí poiblí chun críche tacú le comhlíonadh na nAchtanna um Eitic agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh na nAchtanna sin.

Ceanglais na nAchtanna um Eitic

Foráiltear do na nithe seo leis na hAchtanna um Eitic:

- nochtadh leasanna ag daoine a bhfuil ‘stiúrthóireachtaí ainmnithe’ ar seilbh acu (stiúrthóirí ainmnithe) agus daoine a bhfuil ‘poist ainmnithe fostaíochta’ ar seilbh acu (fostaithe ainmnithe) i gcomhlachtaí poiblí, i measc daoine eile – féadfar na leasanna sin a nochtadh ar bhonn bliantúil agus mar ráitis maidir le leasanna ábhartha de réir mar a thagann siad chun cinn;
- fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh na reachtaíochta cánachais ag daoine atá ceaptha chuig ‘oifig shinsearach’ ar a gceapadh; agus
- cóid iompair a bhfuil feidhm acu maidir le stiúrthóirí ainmnithe, le fostaithe ainmnithe agus le ceapaithe chuig ‘oifig shinsearach’.

D’fhéadfadh go n-áireofaí leasanna duine bhaintigh (e.g. céile, páirtneir sibhialta, leanbh, leanbh le céile, comhpháirtí gnó nó ‘duine bainteach’ eile de réir mar is cuí) le leas.

Foráiltear le halt 11 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, gurb amhlaidh, maidir le pearsa aonair a dtabharfar ráiteas i scríbhinn dó nó di de bhun alt 17 nó alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (i.e. ‘oifigeach de chuid an chomhlachta’ nó ‘údarás iomchuí’ faoi seach):

- féadfaidh sé nó sí a iarraidh ar an duine a mbeidh sé tugtha amhlaidh aige nó aici faisnéis i ndáil leis an ráiteas nó i ndáil le haon ní a éireoidh i dtaca leis a sholáthar dó nó di, agus
- má mheasann sé nó sí go mb’fhéidir gur sháraigh an phearsa Cuid IV den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, féadfaidh sé nó sí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Bíonn dualgas intuigthe ar gach ‘oifigeach de chuid an chomhlachta’ agus ar gach ‘údarás iomchuí’ a mheas cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur chomhlíon stiúrthóirí ainmnithe agus fostaithe ainmnithe na hoibleagáidí reachtúla. Ní hé amháin go mbíonn leas ag comhlachtaí poiblí ina chinntiú go ndéantar nochtuithe agus go dtaifeadtar iad ach bíonn leas acu freisin ina chinntiú go mbainistítear coinbhleachtaí féideartha leasa sula dtagann siad chun cinn.

Sainaitníodh na deich ngníomh seo a leanas mar scothchleachtas chun cabhrú le comhachtaí poiblí a chinntiú go dtacaíonn siad go héifeachtach le comhlíonadh na nAchtanna Eitice.

Deich nGníomh a d’fhéadfadh Comhlachtaí Poiblí a Dhéanamh chun Tacú le Comhlíonadh

1. Ainmnigh teagmhálaí eitice san eagraíocht.

- Ba cheart do gach comhlacht poiblí duine aonair/daoine aonair a ainmniú mar Theagmhálaí Eitice/Theagmhálaithe Eitice don eagraíocht.
- Ba cheart don Teagmhálaí Eitice cabhrú le gach duine de na stiúrthóirí ainmnithe, de na fostaithe ainmnithe agus de na ceapaithe chuig ‘oifig shinsearach’ na hoibleagáidí atá orthu faoi na hAchtanna um Eitic a chomhlíonadh.
- Ba cheart don Teagmhálaí Eitice a bheith ar an teagmhálaí leis an gCoimisiún um Chaighdeáin freisin.

2. Coinnigh clár de Stiúrthóireachtaí Ainmnithe agus de Phoist Ainmnithe Fostaíochta.

- Ba cheart do gach comhlacht poiblí clár a choinneáil de na fostaithe ainmnithe agus/nó na stiúrthóirí ainmnithe laistigh den eagraíocht agus ba cheart dóibh a chinntiú go gcoinnítear cothrom le dáta é chun ceapacháin, aistriú, arduithe céime agus scoir, i measc nithe eile, a chur san áireamh.

3. Bunaigh nósanna imeachta soiléire formhaoirseachta.

- Ba cheart do gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna um Eitic ag gach duine de na stiúrthóirí ainmnithe agus de na fostaithe ainmnithe.

- Déan cinnte de go bhfuil beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm le haghaidh na nithe seo a leanas:
 - Ráitis bhliantúla maidir le leasanna;
 - Ráitis maidir le leas ábhartha;
 - Fógra a thabhairt go rialta don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheapacháin chuig oifig shinsearach;
 - Taifid a choinneáil; agus
 - Oiliúint eitice.
- Déan cinnte de go ndéantar athbhreithniú éifeachtach ar nochtuithe chun neamhchomhlíonadh féideartha nó rioscaí coinbhleachta leasa a shainaithint.
 - Ba cheart don duine a gcuirtear ráitis chuige nó chuici iad a athbhreithniú chun a dhéanamh amach an ann nó nach ann d'fhianaise ar neamhchomhlíonadh nó do riosca coinbhleachta leasa.
 - D'fhéadfadh go mbainfí leas as dul i gcomhairle leis an mbainisteoir líne lena mbaineann toisc go bhféadfadh go mbeadh sé nó sí ar an duine is oiriúnaí d'fhadhbanna a shainaithint de bharr an eolais atá aige nó aici ar na feidhmeanna atá le comhlíonadh ag an duine.
 - Ba cheart ráitis a chros-seiceáil i gcomparáid le tuairisceáin roimhe a rinneadh faoi na hAchtanna um Eitic, le tuairisceáin a rinneadh faoi reachtaíocht eile agus le haon fhaisnéis eile atá ar fáil agus a bhaineann le hábhar (e.g. faoi aon chód iompair iomchuí). Mura dtugtar ráiteas, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach aghaidh a thabhairt air sin nó breathnú air mar shárú féideartha.
- Bainistigh coinbhleachtaí féideartha sula dtagann siad chun cinn.
 - I gcás go dtagann coinbhleacht fhéideartha chun cinn, cuir bearta i bhfeidhm chun í a bhainistiú nuair is féidir (e.g. tabhair an fhreagracht as an gcomhad do dhuine eile, déan cinnte de nach gcomhroinntear doiciméid leis an duine, etc.).
- Bainistigh sáruithe.
 - I gcás gurb ann d'fhianaise ar shárú féideartha, ní mór 'd'oifigeach an chomhlachta' nó don 'údarás iomchuí' a bhreithniú cé acu is fiú nó nach fiú gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ba cheart cloí leis na nósanna imeachta maidir le gearáin atá leagtha amach ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin - <https://www.sipo.ie/about/make-a-complaint/>

4. Déan cinnte de go bhfuil gach ceapaí nua ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu faoi na hAchtanna um Eitic.

- Ba cheart do chomhlachtaí poiblí gach ceapaí nua (stiúrthóirí ainmnithe, fostaithe ainmnithe nó ceapaithe chuig 'oifig shinsearach') a chur ar an eolas a luaithe a ghlacann siad leis an bpost faoi na hoibleagáidí atá orthu faoi na hAchtanna um Eitic, agus faoi na hoibleagáidí seo a leanas go háirithe:
 - (a) ráitis bhliantúla maidir le leasanna (ina dtagraítear do choinbhleachtaí féideartha leasa agus nach mór a chomhlánú agus a thabhairt isteach faoin 31 Eanáir an bhliain dár gcionn); agus

(b) ráitis maidir le ‘leas ábhartha’ (a fhéadann teacht chun cinn am ar bith agus tagairt a dhéanamh do choinbhleachtaí iarbhír leasa).

- Ba cheart daoine a cheaptar chuig ‘oifig shinsearach’ a chur ar an eolas ar a gceapadh freisin faoi na hoibleagáidí atá orthu fianaise ar chomhlíonadh cánach a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 9 mí ó dháta a gceapacháin, agus ba cheart a chur in iúl dóibh go dtabharfaí na mionsonraí faoina gceapachán don Choimisiún.
- Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi gach ceapachán chuig ‘oifig shinsearach’ tráth an cheapacháin agus déanfaidh an Coimisiún teagmháil leis an duine go díreach.
- Ba cheart an fhaisnéis bhreise seo a leanas a thabhairt do gach duine:
 - Nasc chuig na treoirlínte do sheirbhísigh phoiblí maidir le comhlíonadh na nAchtanna um Eitic ón gCoimisiún um Chaighdeáin - <https://www.sipo.ie/acts-and-codes/guidelines/public-servants/index.xml>
 - Go bhféadfaidh siad comhairle reachtúil a iarraidh ach teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin (teil. 01-6395666 nó ríomhphost: info@sipo.ie)
 - Gur cheart na ceisteanna riaracháin (e.g. cén áit ar féidir foirmeacha ráitis a aimsiú, cén áit ar cheart iad a sheoladh chuige, etc.) a chur ar an teagmhálaí eitice iomchuí laistigh den chomhlacht poiblí. Níor cheart iad a chur ar an gCoimisiún um Chaighdeáin.

5. Bunaigh próiseas éifeachtach um ráitis bhliantúla maidir le leasanna.

- Ní mór ráitis bhliantúla maidir le leasanna a chur isteach roimh an 31 Eanáir don bhliain féilire roimhe (e.g. ní mór ráitis don 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019 a chur isteach faoin 31 Eanáir 2020).
- I gcás nach sainaithnítear aon leasanna, moltar go láidir daoine a spreagadh chun ráiteas nialasach a chur isteach.. Níl ráitis nialasacha ina n-oibleagáid reachtúil ach tá sé ina scothchleachtas iad a chur isteach.
- Ní mór do dhaoine a bhfuil níos mó ná post amháin mar ‘stiúrthóir ainmnithe’ agus/nó mar ‘fhostaí ainmnithe’ ar seilbh acu ráiteas ar leith maidir le leasanna a chur isteach i leith gach poist aonair atá ar seilbh acu.
- Ba cheart do chomhlachtaí foirm bhán um ráiteas maidir le leasanna a thabhairt do gach duine de na stiúrthóirí ainmnithe nó de na fostaithe ainmnithe sa chomhlacht agus na hoibleagáidí atá orthu a mheabhrú dóibh.
- Is liostaithe in Aguisín 2 (an Státseirbhís) nó in Aguisín 3 a ghabhann leis na Treoirlínte do Sheirbhísigh Phoiblí atá an duine iomchuí ar cheart ráitis a chur isteach chuige nó chuici.
- Ní mór do stiúrthóirí ainmnithe a ráitis a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin freisin.
- Ní mór do ‘stiúrthóirí ainmnithe’ a ráiteas a chur isteach chuig ‘oifigeach an chomhlachta’ agus chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní mór síniú bunaidh a bheith ann sa dá ráiteas toisc nach bhforáiltear sa reachtaíocht do chóipeanna de ráitis a thabhairt.

- Níor cheart ‘d’fhostaithe ainmnithe’ na ráitis bhliantúla uathu a thabhairt ach amháin don ‘údarás iomchuí’. Níor cheart dóibh iad a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán.
- Ní mór ráitis a shíniú agus a dhátú. Tabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeán ar ais na ráitis sin ó stiúrthóirí ainmnithe nach bhfuil ag comhlíonadh an cheanglais sin nó na ráitis sin ó fhostaithe a chuir chuig an gCoimisiún iad trí earráid.

6. Bunaigh próiseas éifeachtach um ráitis maidir le ‘leas ábhartha’.

- I gcás go bhfuil leas ábhartha ag duine (nó ag duine bainteach), ní mór dó nó di ráiteas a thabhairt faoi fhíricí an ní, agus breac-chuntas á thabhairt ar an bhfeidhm atá le comhlíonadh nó ar an gcinneadh atá le déanamh agus ar an leas ábhartha a thagann chun cinn.
 - Ní mór do ‘stiúrthóirí ainmnithe’ an ráiteas sin a thabhairt do na stiúrthóirí eile uile.
 - Ní mór do dhuine a bhfuil ‘post ainmnithe fostaíochta’ ar seilbh aige nó aici an ráiteas sin a thabhairt don ‘údarás iomchuí’ don phost, mar atá leagtha amach in Aguisín 2 (an Státseirbhís) nó in Aguisín 3 a ghabhann leis na treoirlínte do sheirbhísigh poiblí.
- I gcás go bhfuil ‘leas ábhartha’ ag duine nó ag duine bainteach, níor cheart dó nó di an fheidhm a chomhlíonadh, seachas i gcás go bhfuil cúiseanna an-láidir ann le déanamh amhlaidh.
 - Má tá cúiseanna an-láidir ann, ní mór ráiteas faoi na cúiseanna sin a ullmhú agus a thabhairt do na stiúrthóirí eile agus don Choimisiún um Chaighdeán.
 - Ní mór do dhuine a bhfuil ‘post ainmnithe fostaíochta’ ar seilbh aige nó aici an ráiteas sin a thabhairt don ‘údarás iomchuí’ don phost.
- Tabhair faoi deara nach bhfuil aon teimpléid ná aon fhoirmeacha ann do ráiteas maidir le ‘leas ábhartha’ nó do ráiteas maidir le cúiseanna an-láidir. Ní mór na fíricí iomchuí uile a bheith leagtha amach i ráiteas.

7. Eisigh meabhrúcháin rialta.

- Ba cheart do gach comhlacht poiblí meabhrúcháin a eisiúint ar oibleagáidí agus ar cheanglais nochta. D’fhéadfaí iad a eisiúint i dtús na bliana agus i lár na bliana.
- Ba cheart tagairt a dhéanamh sna meabhrúcháin do ráitis bhliantúla maidir le leasanna, do ráitis maidir le leas ábhartha agus d’aon chód iompair a bhaineann le hábhar agus ba cheart naisc a thabhairt iontu chuig na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le comhlíonadh na nAchtanna um Eitic.

8. Seol oiliúint.

- Ba cheart do chomhlachtaí poiblí oiliúint a chur ar cheapaithe nua agus seisiúin athnuachana rialta a réachtáil d’fhostaithe eile maidir le forálacha na nAchtanna um Eitic agus le haon chód iompair iomchuí eile.
- Ba cheart oiliúint a chur freisin ar ‘oifigigh an chomhlachta’, ar ‘údarás iomchuí’ agus ar theagmhálaithe eitice maidir leis na hoibleagáidí atá orthu faoi na nAchtanna um Eitic agus/nó faoi na nósanna imeachta seo.

9. Coimeád rúndacht.

- Is cion é faisnéis atá i ráiteas a soláthraíodh faoi na hAchtanna um Eitic a nochtadh, seachas i gcás go ndéantar amhlaidh de réir fhorálacha alt 35(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú - <http://revisedacts.lawreform.ie/eli/1995/act/22/section/35/revised/en/html>

10. Cloígh leis an tréimhse choinneála reachtúil

Ní mór ráitis a choinneáil ar feadh tréimhse 15 bliana agus ní mór iad a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin má iarrtar amhlaidh. I bhfianaise fhorálacha alt 35, ní mór ráitis a choinneáil faoi rún agus ní ceadmhach iad a chur ar fáil ach do na daoine sin a dteastaíonn uathu amharc orthu agus a bhfuil d'údarás acu déanamh amhlaidh.

An dteastaíonn tuilleadh faisnéise uait?

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoi na scothchleachtais seo, is féidir leat iad a chur ar an gCoimisiún um Chaighdeáin ach glao a chur ar 01-639 5666 nó ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie.

Is comhlacht neamhspleách neamhchlaon a bhfuil róil mhaoirseachta aige faoi cheithre phíosá reachtaíochta ar leith é an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Áirítear iad seo leis an reachtaíocht a bhformhaoirsíonn an Coimisiún í: na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001; an tAcht Toghcháin, 1997; an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014; agus an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.